Déardaoin 6. Deireadh Fómhair 2022

P9_TA(2022)0353

An géarú ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2022 ar an ngéarú ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine (2022/2851(RSP))

(2023/C 132/12)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint dá rúin roimhe seo maidir leis an Úcráin agus leis an Rúis,

— ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe,

— ag féachaint d'Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí, 1975,

— ag féachaint do na ráitis ó chomhaltaí na Comhairle Eorpaí agus ó airí gnóthaí eachtracha G7 an 30 Meán Fómhair 2022 maidir leis an Úcráin,

— ag féachaint do dhearbhú ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh an 28 Meán Fómhair 2022 maidir leis na "reifrinn" bhréagacha neamhdhleathacha a reáchtáil an Rúis i réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia,

— ag féachaint do phreasráiteas ó Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, an 28 Meán Fómhair 2022 maidir le pacáiste nua de bhearta sriantacha i gcoinne na Rúise agus do theachtaireacht ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Charles Michel, an 30 Meán Fómhair 2022 maidir le hionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar réigiúin na hÚcráine,

— ag féachaint do dhearbhuithe ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh an 22 Meán Fómhair 2022 maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus an 28 Meán Fómhair 2022 maidir le sceitheanna ó phíblínte gáis Nord Stream,

— ag féachaint do Riail 132(2) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe agus le prionsabail an dlí idirnáisiúnta, go bhfuil ceannasacht chomhionann ag gach stát agus nach mór dóibh staonadh ina gcaidreamh idirnáisiúnta ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid i gcoinne iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil aon stáit; de bhrí gurb ionann ionghabháil arna déanamh ag stát ar chríoch stáit eile trí bhagairt nó úsáid fornirt agus sárú ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta; de bhrí go ndearna Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, an prionsabal sin a athdhearbhú le déanaí;

B. de bhrí go bhfuil freagracht pholaitiúil ar leith ar Chónaidhm na Rúise, mar bhuanchomhalta de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, as an tsíocháin agus an tslándáil a chothabháil ar fud an domhain, ach go bhfuil sí ag déanamh sárú go leanúnach ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe trína gníomhaíochtaí ionsaitheacha i gcoinne cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine, agus go bhfuil sí ag tabhairt dhúshlán an chomhphobail idirnáisiúnta go hoscailte trína cuid gníomhartha neamhdhleathacha a dhéanamh, de shárú ar Chairt na Náisiún Aontaithe, fad is atá Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar siúl;

C. de bhrí, le cúpla mí anuas, gur lean Cónaidhm na Rúise dá cogadh foghach neamhdhleathach, gan chúis, gan údar i gcoinne na hÚcráine; de bhrí gur chaill an Rúis cuid shuntasach de na críocha a bhí faoi fhorghabháil aici i réigiún Kharkiv na hÚcráine agus i réigiúin eile in oirthear agus i ndeisceart na hÚcráine mar thoradh ar fhrithionsaí rathúil na hÚcráine a rinneadh go luath i mí Mheán Fómhair 2022; de bhrí, mar thoradh ar an saoradh sin, gur thángthas ar fhianaise nua de sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus de choireanna cogaidh a rinne fórsaí na Rúise agus a seach-ionadaithe, amhail olluaigheanna a raibh breis agus 440 corp iontu in Izyum;

D. de bhrí gur dúnmharaíodh na mílte sibhialtach cheana féin agus go ndearnadh go leor eile díobh a chéasadh, a chiapadh, a fhuadach, a easáitiú le lámh láidir nó go ndearnadh ionsaí gnéis orthu; de bhrí go bhfuil neamhaird iomlán á tabhairt ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta leis an iompar mídhaonnachtúil sin ó fhórsaí na Rúise agus óna seach-ionadaithe;

E. de bhrí gur chaill fórsaí na Rúise na mílte pearsanra, a thit sa ghleo nó atá ar iarraidh ó thús an ionraidh, agus gur scriosadh a gcrua-earraí míleata;

F. de bhrí go bhfuil tacaíocht á tabhairt ag an bpobal idirnáisiúnta don Úcráin i gcónaí trí threalamh nua-aimseartha, armlón agus oiliúint a chur ar fáil agus trí fhaisnéis a roinnt, agus gur rith Comhdháil Stáit Aontaithe Mheiriceá bille le déanaí faoina soláthrófar níos mó ná USD 12,3 billiún de chúnamh;

Déardaoin 6. Deireadh Fómhair 2022

G. de bhrí, dar le hoifigigh na hÚcráine, go dteastaíonn príomhthancanna catha nua-aimseartha, níos mó córais dromchla go haer agus córais dromchla go dromchla, iompróirí armúrtha pearsanra chomh maith le hionaid oiliúna bhreise agus rannchuidiú breise i bhfoirm armlóin ó arm na tíre;

H. de bhrí, ón 9 go dtí an 11 Meán Fómhair 2022, gur reáchtáladh toghcháin réigiúnacha agus áitiúla sa Rúis agus freisin i bPoblacht Fhéinrialaitheach Úcránach na Crimé agus i gcathair Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach, ar toghcháin iad nach n-aithníonn an tAontas;

I. de bhrí gur reáchtáladh na "reifrinn" bhréagacha seo, a eagraíodh faoi dheifir, idir an 23 agus an 27 Meán Fómhair 2022, i limistéir na hÚcráine atá faoi fhorghabháil pháirteach ag an Rúis i réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia agus i measc mhuintir na hÚcráine a díbríodh le forneart chuig an Rúis, agus gur fhógair údaráis na Rúise céatadáin réamhordaithe agus ró-ard de rátálacha vótála agus formheasta le haghaidh na hionghabhála ag an Rúis; de bhrí gur áiríodh sa phróiseas vótála mí-úsáid shistéamach ar chearta an duine agus ar imeaglú, go háirithe saighdiúirí armtha Rúiseacha a bheith ann; de bhrí go bhfuil cosúlachtaí idir na reifrinn bhréagacha seo agus an reifreann a d'eagraigh an Rúis sa Chrimé tar éis di seilbh a ghabháil ar an leithinis go luath in 2014; de bhrí gur fhógair an Rúis ionghabháil fhoirmiúil neamhdhleathach na gcríoch sin an 30 Meán Fómhair 2022, tar éis don Dúma Stáit (State Duma) agus don Chomhairle Cónaidhme (Federation Council) formheas d'aon toil a thabhairt;

J. de bhrí gur fhógair Vladimir Putin, an 21 Meán Fómhair 2022, an chéad slógadh de chuid na Rúise ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann; de bhrí, de réir tuairiscí sna meáin, gur gaireadh sa slógadh idir 300 000 agus 1,2 milliún cúltaca míleata chun na fórsaí armtha; de bhrí, d'ainneoin an fhógra oifigiúil go gcoinscríobhfadh na húdaráis saoránaigh a rinne seirbhís airm le déanaí agus a bhfuil taithí comhraic acu, go dtugtar le fios sna tuairiscí go bhfuil roinnt daoine á gcoinscríobh freisin nach bhfuil aon taithí mhíleata acu, go háirithe ó réigiúin bhochta agus iargúlta agus ó mhionlaigh eitneacha, agus go bhfuil daoine á gcoinscríobh mar bheart smachtúil, mar a tharla sa Chrimé atá faoi fhorghabháil na Rúise, áit ar gaireadh níos mó ná 1 500 Tatarach de chuid na Crimé chun seirbhíse; de bhrí go bhfuil tuairiscí ann freisin maidir le slógadh éigeantach ó réigiúin de chuid na hÚcráine a ionghabhadh go neamhdhleathach le déanaí; de bhrí go bhfuil tuairiscí ann go bhfuil earcaigh á gcur chuig an bhfronta beagnach a luaithe a earcaítear iad;

K. de bhrí gur eascair agóidí as an bhfógra maidir le slógadh na Rúise, agus ghabh údaráis na Rúise níos mó ná 2 400 léirsitheoir go dtí seo; de bhrí, ó fógraíodh an slógadh, gur theith na céadta míle Rúiseach ón Rúis chun éalú ón gcoinscríobh; de bhrí go bhfuil ionaid choinscríofa curtha ar bun ag údaráis na Rúise ag roinnt pointí trasnaithe teorann chun fógraí chun seirbhíse a sheirbheáil ar an láthair agus chun saoránaigh a dhíspreagadh ón tír a fhágáil;

L. de bhrí go leanann fórsaí na Rúise de sheilbh a ghabháil ar Ghléasra Cumhachta Núicléiche Zaporizhzhia (ZNPP); de bhrí gur fhuadaigh fórsaí na Rúise Ihor Murashov, Ard-Stiúrthóir ZNPP, an 30 Meán Fómhair 2022 agus gur scaoileadh saor é ina dhiaidh sin; de bhrí gurb é ZNPP an gléasra cumhachta núicléiche is mó san Eoraip agus go ndearnadh an t-imoibreoir deireanach a dhíchumhachtú go luath i mí Mheán Fómhair 2022 mar gheall ar throid sa ghléasra agus timpeall air; de bhrí go bhfuil an baol fós ann go dtarlódh tubaiste núicléach, áfach;

M. de bhrí gur thug Vladimir Putin rabhadh in aitheasc teilifíse an 21 Meán Fómhair 2022, dá mba rud é go mbeadh iomláine chríochach na Rúise faoi bhagairt, eadhon críocha na hÚcráine ar ionghabhadh go neamhdhleathach iad, go ndéanfaí "úsáid a bhaint go cinnte as na modhanna ar fad atá ar fáil dúinn chun an Rúis agus ár muintir a chosaint"; de bhrí gur dúmhál núicléach sách soiléir atá sna focail "na modhanna ar fad atá ar fáil dúinn";

N. de bhrí gur tugadh faoi deara, an 26 agus an 27 Meán Fómhair 2022, gur tháinig laghdú suntasach ar an mbrú i bpíblínte Nord Stream 1 agus 2 mar gheall ar sceitheadh a measadh a bheith mar thoradh ar phléascanna d'aon ghnó faoi uisce ar dócha go ndearna gníomhaí stáit innealtóireacht orthu; de bhrí, cé gur deacair méid beacht an mheatáin atá ag éalú isteach san atmaisféar a thomhas, gur dócha gur méid suntasach é agus go mbeidh tionchar díobhálach aige ar an gcomhshaol;

O. de bhrí gur fhógair an tUachtarán Volodymyr Zelenskyy an 30 Meán Fómhair 2022 go raibh iarratas oifigiúil déanta ag an Úcráin maidir le ballraíocht in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT);

1. ag meabhrú thacaíocht dhaingean an Aontais Eorpaigh don Úcráin agus dá ceannasacht, dá neamhspleáchas agus dá hiomláine chríochach laistigh de theorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; ag cáineadh, sna téarmaí is láidre is féidir, an chogaidh fhoghaigh neamhdhleathaigh gan údar gan chúis atá ar bun ag an Rúis i gcoinne na hÚcráine; á mheabhrú go bhfuil freagracht iomlán ar an Rúis as an gcogadh, nach mór di stop láithreach a chur leis an gcogadh agus a fórsaí agus a seachfhórsaí uile a tharraingt siar ó gach críoch de chuid na hÚcráine a aithnítear go hidirnáisiúnta;

2. ag moladh mhisneach mór mhuintir na hÚcráine, atá ag fulaingt íobairtí ollmhóra chun a dtír agus luachanna Eorpacha a chosaint, amhail an tsaoirse, an dínit agus an daonlathas; á mheabhrú go bhfuil ceart dlisteanach ag an Úcráin, i gcomhréir le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe, í féin a chosaint i gcoinne chogadh foghach na Rúise chun smacht iomlán a ghabháil an athuair ar a críoch iomlán laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; ag moladh chrógacht fhórsaí armtha na hÚcráine agus a ngníomhaíochtaí thar a bheith éifeachtach ó thaobh an chomhraic agus ó thaobh na moráltachta de, agus ag aithint an mhéid shuntasaigh atá á dhéanamh acu maidir le slándáil na hEorpa;

3. á iarraidh ar gach tír agus ar gach eagraíocht idirnáisiúnta cogadh foghach na Rúise agus a hiarrachtaí críoch a fháil le forneart agus trína reifrinn bhréagacha a cháineadh go neamhbhalbh; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit a bheith rannpháirteach go gníomhach leis an iliomad rialtas a bhfuil seasamh neodrach glactha acu maidir le hionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chun cur i gcoinne láidir idirnáisiúnta a thógáil i gcoinne aon athraithe le fórsa ar theorainneacha na hÚcráine agus an dlí idirnáisiúnta a chosaint;

4. ag cáineadh go láidir na sáruithe ollmhóra agus tromchúiseacha ar chearta an duine agus na coireanna cogaidh a rinne fórsaí armtha na Rúise, a seachfhórsaí agus na húdaráis forghabhála atá lonnaithe ag an Rúis san Úcráin; á áitiú nach mór na hoifigigh rialtais agus na ceannairí míleata atá freagrach, chomh maith le déantóirí coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna, lena n-áirítear cinedhíothú, a thabhairt chun cuntais;

5. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar thíortha eile a thacaíonn leis an Úcráin a gcúnamh míleata a mhéadú go mór, go háirithe sna limistéir ina n-iarrann Rialtas na hÚcráine é, chun go mbeidh an Úcráin in ann smacht iomlán a ghabháil an athuair ar a críoch iomlán a aithnítear go hidirnáisiúnta agus í féin a chosaint go rathúil i gcoinne aon ionsaí breise ón Rúis; á iarraidh go ndéanfaí breithniú ar an bhféidearthacht go mbeadh saoráid ann a dhéanfadh cúnamh míleata a léasú nó a thabhairt ar iasacht don Úcráin; á iarraidh ar na Ballstáit a bhfuil drogall orthu, go háirithe, a gcion cothrom den chúnamh míleata is gá a sholáthar chun cabhrú leis an gcogadh a ghiorrú; á mheabhrú má tá braiteoireacht ar siúl acu atá ag tacú leis an Úcráin, nach gcuireann sé sin ach síneadh leis an gcogadh, fad atá Úcráinigh neamhchiontacha á marú; á iarraidh ar cheannairí AE aontacht bhuan a chothú i measc na mBallstát agus tíortha a bhfuil an dearcadh céanna acu chun tacú go hiomlán agus go neamhchoinníollach leis an Úcráin i gcoinne chogadh foghach na Rúise;

6. á iarraidh ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála comhordú a dhéanamh ar a seachadtaí arm trí shásra an tí imréitigh de chuid na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), lena n-áirítear tionscnamh AE chun ardchórais arm amhail tancanna Leopard a sheachadadh; á iarraidh ar na Ballstáit tús a chur láithreach bonn le hoiliúint a chur ar shaighdiúirí na hÚcráine ina leith sin;

7. á cháineadh go haonchiallach gur neamhdhleathach agus neamhdhlisteanach a bhí na reifrinn bhréagacha a rinneadh faoi dhíriú gunna chun ionghabháil a dhéanamh ar réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia; á mheabhrú go ndearnadh na reifrinn de shárú ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus de shárú ar an dlí idirnáisiúnta; ag diúltú do thorthaí bréagacha na reifreann agus d'aitheantas a thabhairt dóibh agus d'ionchorprú na gcríoch sin ina dhiaidh sin sa Rúis; á mheas go bhfuil a dtorthaí ar neamhní go hiomlán; á mheas gur géarú contúirteach agus neamhfhreagrach í an ionghabháil a fógraíodh agus gur sárú follasach é ar an dlí idirnáisiúnta agus ar Chairt na Náisiún Aontaithe lena ráthaítear síocháin idirnáisiúnta, slándáil, iomláine chríochach agus ceannasacht na stát uile, ar sárú é nach féidir leis an bpobal idirnáisiúnta neamhaird a thabhairt air agus nach dtabharfar neamhaird air;

8. ag cáineadh fhoraithne uachtaránachta na Rúise a eisíodh an 29 Meán Fómhair 2022 maidir le haitheantas a thabhairt do "neamhspleáchas" réigiúin Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin, chomh maith leis na conarthaí neamhdhleathacha maidir le lánpháirtiú i gCónaidhm na Rúise a síníodh an 30 Meán Fómhair 2022; á chur in iúl go dtacaíonn sí go huile is go hiomlán le beartas AE maidir le neamhaitheantas ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear ionghabháil, agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gComhairle smachtbhannaí tromchúiseacha breise a ghlacadh mar fhreagairt ar na gníomhartha sin;

9. á chur in iúl gur geal léi na tograí ón gCoimisiún le haghaidh an 8ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise; á iarraidh ar na Ballstáit uile an pacáiste smachtbhannaí a fhormheas go pras, aon mhoill fhéinleasach a sheachaint, agus na smachtbhannaí a chur chun feidhme go críochnúil; á iarraidh go gcuirfí réimsí nua san áireamh sna smachtbhannaí, lena n-áirítear rochtain Gazprombank, Alfa Bank, Rosbank, Tinkoff Bank, Saint Petersburg Bank, Bhanc Forbartha Réigiúnaí na Rúise agus Far Eastern Bank ar SWIFT a ghearradh, agus smachtbhannaí i gcoinne criptea-shócmhainní agus criptea-airgeadraí a neartú tuilleadh ag an am céanna; á iarraidh ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit aontacht AE a choinneáil agus an brú ar an gCreimil a mhéadú, lena n-áirítear trí phacáistí smachtbhannaí breise, lena n-áirítear toirmeasc ar onnmhairiú aon táirge ardteicneolaíochta agus earraí straitéiseacha, agus smachtbhannaí eile atá dírithe ar gheilleagar agus bonn tionsclaíoch na Rúise a lagú go straitéiseach, go háirithe an coimpléasc tionsclaíoch míleata; ag tacú le glacadh smachtbhannaí aonair i gcoinne daoine agus eintiteas a bhfuil baint dhíreach acu le díbirt agus le huchtú éigeantach leanaí Úcránacha agus le heagrú agus le breathnóireacht na "reifreann" bréagach neamhdhleathach, chomh maith le comhaltaí uile pháirtithe an Dúma atá i seilbh oifigí i bparlaimintí tofa ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar na leibhéil réigiúnacha agus bardasacha; á iarraidh ar na Ballstáit aon dul timpeall ar na smachtbhannaí a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go gníomhach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí oibriú go pras chun an córas dlí maidir le coigistiú sócmhainní arna reo leis na smachtbhannaí a thabhairt chun críche;

Déardaoin 6. Deireadh Fómhair 2022

10. ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfí trádbhac iomlán agus láithreach ar allmhairí breoslaí iontaise agus úráiniam ón Rúis, agus go n-éireofaí as píblínte Nord Stream 1 agus 2 go hiomlán, chun deireadh a chur le meaisín cogaidh Putin a mhaoiniú le hairgead AE; á iarraidh go gcuirfí toirmeasc breise ar thíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam, róidiam agus diamaint amha agus phróiseáilte a bheith á gceannach, á n-allmhairiú agus á n-iompar ón Rúis nó tríd an Rúis go AE, agus ar iarann agus cruach de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairíodh as an Rúis a bheith á n-allmhairiú, lena n-áirítear amhiarann agus táirgí leathchríochnaithe, agus é mar aidhm leis laghdú a dhéanamh ar rochtain na Rúise ar ioncaim; á iarraidh go ndéanfaí rochtain na Rúise ar acmhainní bunúsacha tionsclaíocha, teicneolaíochtaí agus seirbhísí a íoslaghdú, go háirithe iad siúd a bhfuil gá acu le tionscal míleata an stáit is ionsaitheoir;

11. ag tabhairt rabhadh do réimeas Aliaksandr Lukashenka i gcoinne neartú a dhéanamh ar chogadh ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear ina cuid iarrachtaí slógtha agus ar choinscríofaigh a óstáil ar a talamh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an Bhealarúis a áireamh sa bhabhta nua smachtbhannaí a bhaineann le slógadh;

12. ag cáineadh an tslógaidh sa Rúis, agus á iarraidh go gcuirfí deireadh láithreach le coinscríobh neamhdheonach; ag cáineadh na mbeart lena gcuirtear iallach ar chónaitheoirí chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach seirbhís a dhéanamh i bhfórsaí armtha nó cúnta na Rúise, rud a thoirmeasctar faoi Choinbhinsiún na Ginéive maidir le Cosaint Daoine Sibhialta in Aimsir Chogaidh; ag achainí go láidir ar mhuintir uile na Rúise a sheachaint go dtarraingeofaí isteach sa chogadh seo iad, ar cogadh é a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta agus a cháin tromlach mór de thíortha dá bhrí sin, arbh é an t-aon chúis a fógraíodh é ná chun réimeas creachlathach neamhdhaonlathach sa Rúis a dhearbhú, agus a scriosfaidh geilleagar na Rúise agus ionchais mhuintir na Rúise maidir le todhchaí shábháilte agus rathúil ar deireadh; ag tathant ar na Ballstáit víosaí daonnúla a eisiúint do shaoránaigh na Rúise a bhfuil cosaint de dhíth orthu, amhail iad siúd a ndearnadh géarleanúint pholaitiúil orthu;

13. á iarraidh ar na Ballstáit treoirlínte an Choimisiúin maidir le heisiúint ginearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha agus rialuithe shaoránaigh na Rúise ag na teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme go hiomlán, i gcomhréir iomlán le dlí AE agus leis an dlí idirnáisiúnta, agus a áirithiú go ndéileálfar ar bhonn aonair le gach iarratas ar thearmann arna dhéanamh *inter alia* ag easaontóirí, tréigtheoirí, éalaitheoirí ó choinscríobh agus gníomhaithe, agus ábhair imní slándála an Bhallstáit aíochta á gcur san áireamh agus ag gníomhú agus i gcomhréir le *acquis* tearmainn AE; á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid maidir le víosaí Rúiseacha;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit tacaíocht a mhéadú do thíortha sa Chugas Theas agus san Áise Láir, a bhfuil líon suntasach saoránach Rúiseach á bhfáil acu, go háirithe an tSeoirsia, an Chasacstáin, an Úisbéiceastáin, an Airméin agus an Chirgeastáin, chun cobhsaíocht a choinneáil sna réigiúin sin;

15. ag cáineadh na foraithne ó uachtarán na Rúise ón 5 Deireadh Fómhair 2022 lena n-ainmnítear Zaporizhzhia NPP mar "réadmhaoin chónaidhme" agus lena dtugtar treoir do rialtas na Rúise seilbh a ghlacadh air; á éileamh go dtarraingeofaí pearsanra míleata na Rúise siar láithreach ó ZNPP agus timpeall air agus go gcruthófaí crios dímhíleatathe timpeall air; á mheabhrú go bhféadfadh mórthubaiste le hiarmhairtí doshamhlaithe a bheith mar thoradh ar an troid timpeall ar an ngléasra;

16. ag cáineadh na mbagairtí ón Rúis a tharla le déanaí chun airm núicléacha a úsáid mar bhagairtí atá mífhreagrach agus contúirteach; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe idirnáisiúnta freagairt thapa agus chinntitheach a ullmhú i gcás ina ndéanfadh an Rúis ionsaí núicléach ar an Úcráin; á iarraidh ar an Rúis deireadh a chur láithreach lena bagairtí ar ghéarú núicléach, i bhfianaise na n-iarmhairtí domhanda a bheadh ann do shaol an duine agus don chomhshaol sna blianta amach romhainn i gcás aon tubaiste núicléach; á mheabhrú go bhfuil aon iarracht a dhéanann an Rúis ionsaithe ar chríocha faoi fhorghabháil a léiriú mar ionsaí ar an Rúis agus, ar an gcaoi sin, mar fhorais d'ionsaí núicléach, neamhdhleathach agus gan bhunús agus nach gcuirfidh sé bac ar an Aontas Eorpach cúnamh breise a sholáthar don Úcráin maidir lena féinchosaint;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit tacaíocht agus comhar a mhéadú don tsochaí shibhialta agus do na meáin shaora san Úcráin agus sa Rúis; á chur i bhfáth ar mhaithe le hathléimneacht agus acmhainneacht na hÚcráine an fód a sheasamh in aghaidh chogadh foghach na Rúise go bhfuil gá le béim níos mó a chur ar ghníomhaithe daonnúla san Úcráin agus tacaíocht níos mó a thabhairt dóibh, lena n-áirítear béim ar leith ar na gníomhaithe sin a thacaíonn le mná; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit leanúint de dhídean sealadach a sholáthar in AE do dhaoine atá ag teitheadh ón gcogadh, agus cuidiú le doiciméid taistil shealadacha a eisiúint lena gcuirfear ar chumas shaoránaigh na hÚcráine atá sáinnithe sa Rúis gan a ndoiciméid aitheantais ná taistil an tír a fhágáil más mian leo; ag cáineadh iarrachtaí córasacha ar thaobh na Rúise chun moill a chur ar theacht isteach dídeanaithe ón Úcráin chuig AE ar theorainneacha na hEastóine agus na Laitvia, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le mór-ghéarchéim dhaonnúil go luath; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar a rialú teorann gan bac a chur ar dhídeanaithe den sórt sin teacht isteach in AE;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú ar phacáiste cuimsitheach téarnaimh don Úcráin, ar pacáiste é ba cheart a bheith dírithe ar fhaoiseamh, atógáil agus téarnamh láithreach, meántéarmach agus fadtéarmach na tíre agus cabhrú tuilleadh le fás an gheilleagair a neartú, ag tosú láithreach i gcás inarb iomchuí; á mheabhrú gur cheart an pacáiste téarnaimh a bheith faoi stiúir go comhpháirteach ag an Aontais, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus comhpháirtithe atá ar aon intinn; á iarraidh go n-úsáidfí acmhainneacht riachtanach bhuiséad an Aontais chun tacú leis an bpacáiste téarnaimh;

Déardaoin 6. Deireadh Fómhair 2022

19. á chur in iúl gur mór aici saoránaigh na Rúise a cháineann an cogadh; ag cáineadh ghabháil na mílte agóideoirí síochánta ag údaráis na Rúise agus á iarraidh go scaoilfear saor láithreach iad;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit tús a chur le machnamh ar conas plé leis an Rúis amach anseo agus conas cabhrú léi le haistriú rathúil ó réimeas forlámhach go tír dhaonlathach a dhiúltaíonn do bheartais athbhreithnitheacha agus impiriúlacha; á mheas gur chéim thosaigh a bheadh ann d'institiúidí an Aontais dul i dteagmháil le ceannairí daonlathacha na Rúise agus leis an tsochaí shibhialta agus tacaíocht a shlógadh dá gclár oibre maidir le Rúis dhaonlathach; ag tacú le mol daonlathais a chruthú don Rúis, arna óstáil ag Parlaimint na hEorpa;

21. á mheabhrú gur tharla pléascanna faoi uisce ar phíblínte Nord Stream nuair a osclaíodh Píopa nua Mhuir Bhailt go hoifigiúil a nascann an Iorua leis an bPolainn tríd an Danmhairg; á chreidiúint nach comhtharlú a bhí sna pléascanna faoi uisce ar phíblínte Nord Stream agus go bhfuil méadú ag teacht ar an tuairimíocht gur tharla sé mar thoradh ar ghníomh comhordaithe d'aon ghnó arna dhéanamh ag gníomhaí stáit; á chreidiúint go léiríonn na pléascanna i bpíblínte Nord Stream cé chomh dainséarach a bhí an beartas an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a mhéadú agus á chreidiúint go bhfuil armáil an fhuinnimh tar éis dul i ndéine; á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur le bonneagar criticiúil Eorpach a chosaint agus déileáil leis mar thosaíocht, lena n-áirítear píblínte agus cáblaí amach-ón gcósta, agus a athléimneacht i gcoinne ionsaithe seachtracha a mhéadú agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'athléimneacht chomhpháirtithe AE in Oirthear na hEorpa agus sna Balcáin Thiar; á iarraidh ar na Ballstáit imscrúdú a dhéanamh ar shabaitéireacht phíblínte gáis Nord Stream; á mheas gur ionsaí comhshaoil ar AE iad na pléascanna faoi uisce d'aon ghnó;

22. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit oibriú le comhlachtaí idirnáisiúnta chun fianaise a bhailiú agus chun tacú le himscrúdú na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ar choireanna cogaidh arna ndéanamh laistigh de chríoch na hÚcráine ón 20 Feabhra 2014 ar aghaidh;

23. á iarraidh go mbunófaí binse idirnáisiúnta ad hoc maidir le coir an ionsaithe i gcoinne na hÚcráine, ina ndéanfaí ionchúiseamh ar Putin agus ar oifigigh shibhialta agus mhíleata uile na Rúise i dteannta a n-ionadaithe atá freagrach as an gcogadh san Úcráin a ollphleanáil, a sheoladh agus a stiúradh;

24. ag cáineadh straitéis il-leibhéil na Rúise chun insintí bréagacha agus saofa agus idé-eolaíocht nua impiriúlaíoch Russkiy Mir a thabhairt isteach, a mhéadú agus a scaipeadh ar fud an domhain; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit smachtbhannaí a chur ar eintitis, ar dhaoine aonair agus ar ionadaithe eile na Rúise a scaipeann bréagaisnéis na Rúise agus bearta breise a dhéanamh chun déileáil le harmú faisnéise na Rúise;

25. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, chuig Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, chuig Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, chuig an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, chuig Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint na hÚcráine, chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint Chónaidhm na Rúise, agus chuig údaráis na Bealarúise.